



An Bhruiséal, 26.8.2022  
COM(2022) 416 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS  
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le cur chun feidhme an Chiste don Nuálaíochta, lena n-áirítear an  
t-athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) Uimh. 1031/2010**

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

**maidir le cur chun feidhme an Chiste don Nuálaíochta, lena n-áirítear an  
t-athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) Uimh. 1031/2010**

## 1. RÉAMHRÁ

Tá an Ciste don Nuálaíochta ar cheann de na cláir chistiúcháin is mó ar domhan maidir le taispeántas tráchtála teicneolaíochtaí nuálacha ísealcharbóin, arb é is aidhm leis réitigh thionsclaíocha a chur ar an margadh chun an Eoraip a dhícharbónú agus tacú lena haistriú chuig an aeráidneodracht. I measc réimse leathan na n-ionstraimí airgeadais atá ar fáil ar leibhéal an Aontais, tá ról uathúil aige mar gheall ar a mhéid agus a fhócas ar na céimeanna deireanacha i rolladh amach na teicneolaíochta glaine nuálaí.

Agus níos mó ná EUR 38 mbilliún<sup>1</sup> dáfa ina leith arna mhaoiniú ó lamháltais Chóras an Aontais i ndáil le Trádáil Astaíochtaí a chur ar ceant, díritear an Ciste don Nuálaíocht ar an méid seo a leanas:

- Tionscail dianfhuinnimh, lena n-áirítear gabháil agus úsáid carbóin atá sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de (CCU) a chuireann go mór le maolú an athraithe aeráide, chomh maith le táirgí a chuirtear in ionad táirgí ar mó a lorg carbóin;
- Gabháil agus stóráil gheolaíoch tionscadal CO<sub>2</sub> (CCS) atá sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de;
- Teicneolaíochtaí nuálacha chun fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint; agus,
- Teicneolaíochtaí stórála fuinnimh.

Is é an sprioc atá ann na dreasachtaí airgeadais cearta a chruthú do chuideachtaí chun infheistíocht a dhéanamh sa teicneolaíocht ghlan anois agus chun iad a chumhachtú chun bheith ina gceannairí domhanda sa teicneolaíocht ghlan.

---

<sup>1</sup> Ag brath ar an bpraghas carbóin, meastar an méid trí úsáid a bhaint as EUR 75 / tCO<sub>2</sub> mar phraghas carbóin.

## Fíor 1: Forléargas ar an gCiste don Nuálaíocht



Is é is aidhm leis an athbhreithniú atá beartaithe ar an Treoir CTA a chuir an Coimisiún ar aghaidh i mí Iúil 2021 mar chuid den phacáiste ‘Oiriúnach do 55’<sup>2</sup> an Ciste a neartú tuilleadh trí líon na lamháltas maidir le CTAnna a mhéadú agus, dá bhrí sin, an buiséad atá ar fáil don Chiste a mhéadú, agus a raon feidhme á leathnú chuig an earnáil mhuirí, an earnáil iompair de bhóthar agus an earnáil foirgneamh.

Tá an fhreagracht fhoriomlán ar an Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide as an gCiste don Nuálaíochta, lena n-áirítear méid agus tosaíochtaí beartais na nglanna ar thograí agus a ngnéithe bunriachtanacha a shainiú agus na cinntí dámhachtana a ghlacadh. Tá sé de chúram ar an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA) na glanna ar thograí, meastóireachtaí, ullmhú deontais agus sínithe agus obair leantach laethúil ar thionscadail a reáchtáil. Cuireann an Banc Eorpach Infheistíochta cúnaimh forbartha tionscadail ar fáil. Téitear i gcomhairle leis na Ballstáit maidir le cinntí um maoiniú agus maidir le liosta na dtionscadal roghnaithe, agus tá a ról riachtanach chun teagmháil a dhéanamh le hiarratasóirí ionchasacha ar a gcríoch agus chun tacú leo i ndáil le hiarratas ar thionscadail (e.g. trí scéimeanna tacaíochta) agus i ndáil le cur chun feidhme (e.g. trí cheadú a éascú).

### 1.2. Cuspóir na tuarascála seo

De réir Airteagal 23(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 an 26 Feabhra 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hoibriú an Chiste (dá ngairfear "an Rialachán Tarmligthe" anseo feasta), tuairisceoidh an Coimisiún go bliantúil don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa maidir leis an dul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme an Chiste.

<sup>2</sup> [Geilleagar agus sochaí an Aontais Eorpaigh chun uaillmhianta aeráide a chomhlíonadh \(europa.eu\)](https://european-council.europa.eu/media/e300042/1671427/1671427.pdf)

Comhlíontar leis an tuarascáil seo an ceanglas do 2020 agus 2021 trí achoimre a dhéanamh ar thorthaí an chéad dá ghairm den Chiste nach raibh ar fáil go dtí ag deireadh 2021: an chéad ghlaio ar thograí mórskála (arna sainiú mar thionscadail ar mó a gcaiteachas caipitiúil iomlán ná EUR 7.5m) agus an chéad ghlaio ar thograí mionskála (arna sainiú mar thionscadail ar lú a gcaiteachas caipitiúil iomlán ná EUR 7.5m). Osclaíodh an chéad ghlaio ar thograí mórskála an 3 Iúil 2020 agus fógraíodh na torthaí an 16 Samhain 2021, agus osclaíodh an chéad ghlaio ar thograí mionskála an 1 Nollaig 2020 agus fógraíodh na torthaí an 27 Iúil 2021.

Déantar anailís sa tuarascáil seo ar thorthaí na nglanna sin agus ar an méid a chuireann siad le haidhmeanna an Chiste, ag díriú ar cheachtanna a foghlaimíodh agus ar chonclúidí ábhartha beartais.

Cé gur seoladh an 2ú glao ar thionscadail mhórskála an 26 Deireadh Fómhair 2021 agus an 2ú glao ar thionscadail mhionskála an 31 Márta 2022, tá na glanna sin fós ar siúl, agus dá bhrí sin tuairisceofar a dtorthaí sa dara tuarascáil maidir leis an gCiste don Nuálaíocht.

Foráiltear le hAirteagal 24(3) den Rialachán<sup>3</sup> maidir le Ceantáil go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar mhéid na lamháltas atá fós le cur ar ceant i ndiaidh cinneadh dámhachtana an Chiste don Nuálaíocht maidir le gach glao ar thograí, agus gnéithe eile a bhaineann le hoibríochtaí an Chiste don Nuálaíocht. Déanfar athbhreithnithe den sórt sin gach dhá bhliain, agus déanfar an chéad athbhreithniú tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2022. Comhlíonann an tuarascáil seo an cuspóir sin freisin faoi láthair.

## **2. TORADH AN CHÉAD DÁ GHLAIO I NDÁIL LEIS AN gCISTE DON NUÁLAÍOCHTA**

### **2.1. Leas príobháideach sa Chiste don Nuálaíocht**

A bhúil le feachtas cumarsáide fairsing agus os cionn 30 ceardlann múscaillte feasachta le mórán chomhlachais tionscail an Aontais agus leis na Ballstáit le linn 2019, agus 2020<sup>4</sup> mheall an dá ghlaio líon mór iarratas: 311<sup>5</sup> do na tograí mórskála agus 232<sup>6</sup> do na tograí mionskála. Clúdaíodh sna hiarratais gach earnáil agus Ballstát incháilithe, rud a chuidigh le cuspóir an Chiste a bhaint amach maidir le tionscadail i speictream leathan earnála agus geografach a mhaoiniú.

Léirítear le líon na n-iarratas gur spéis leis an tionscal réitigh teicneolaíochta glaine a fhorbairt a chuireann le haeráidneodracht an Aontais, agus gur féidir leis an gCiste roghnú as punann éagsúil tionscadal glas a dteastaíonn tacaíocht ina leith agus lena méadaítear caipiteal príobháideach. I gcomparáid leis na hiarratais ar thograí mhórskála, níor mealladh an oiread iarratas sa chéad ghlaio ar thograí mionskála ó thionscail dianfhuinnimh agus le haghaidh

---

<sup>3</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1031/2010 ón gCoimisiún an 12 Samhain 2010 maidir le huainiú, riarachán agus gnéithe eile a bhaineann le ceantáil lamháltas astaíochtaí gáis cheaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gáis cheaptha teasa laistigh den Chomhphobal [EUR-Lex-02010R1031-20191128-EN-EUR-Lex\(europa.eu\)](#)

<sup>4</sup> [Forbairt beartais \(europa.eu\)](#) faoi Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

<sup>5</sup> [Chéad ghlaio an Chiste don Nuálaíocht ar thionscadail mhórskála: 311 iarratas ar mhaoiniú an Aontais dar luach EUR 1 bhiliún do thionscadail um theicneolaíocht ghlan](#)

<sup>6</sup> [Chéad ghlaio an Chiste don Nuálaíocht ar thionscadail mhionskála: 232 iarratas ar mhaoiniú an Aontais dar luach EUR 100 milliún do thionscadail bheaga um theicneolaíocht ghlan](#)

gabháil, úsáid agus stóráil carbóin, ach mealladh níos mó iarratas ó na hearnálacha fuinnimh in-athnuaite agus stórála fuinnimh.

## 2.2. Cáilíocht na n-iarratas

Chuir an Coimisiún cúnaimh forleathan sonrath maidir leis na glaonna ar fáil d'iarratasóirí le linn na nósanna imeachta iarratais le haghaidh an dá ghla. Bhí na iarratais ar ardchaighdeán ar an iomlán, rud a raibh iomaíocht láidir idir na tionscadail sa dá ghla mar thoradh air. Mar sin féin, bhí caighdeán na n-iarratas don ghla ar thograí mionscála níos ísle, mar is léir ón líon níos ísle tograí a chomhlíonann na tairseacha íosta uile.

Maidir le gach gla, d'eagraigh an Coimisiún agus CINEA seimineáir<sup>7</sup> ghréasáin agus laethanta faisnéise tiomnaithe. Míníodh téacsanna na n-glaonna go mion, freagraíodh ceisteanna iarratasóirí ionchasacha agus cuireadh ábhar míniúcháin ar fáil chun cuidiú le cuideachtaí a n-iarratais a ullmhú. Ag an am céanna, d'fhreagair deasc chabhrach tiomnaithe os cionn 1500 ceist san iomlán maidir leis an dá ghla. Nuair a dúnadh na glaonna, cuireadh tuarascáil ar na dea-chleachtais a d'fhéadfadh cuidiú le hiarratasóirí ionchasacha i láthair agus foilsíodh í<sup>8</sup>.

Maidir leis an gcéad ghla ar thograí mórscála, as an 311 iarratas a fuarthas, fuarthas go raibh 19 (5 %) cinn díobh doghlactha nó neamh-incháilithe ag an gcéad chéim<sup>9</sup>. Maidir leis an gcéad ghla ar thograí mionscála, as an 232<sup>10</sup> iarratas a fuarthas, fuarthas go raibh 55 thionscadal (24 %) doghlactha nó neamh-incháilithe, rinneadh neamhaird ar 2 cheann (tograí tástála) dóibh, rud a d'fhág go raibh 175 thogra incháilithe san iomlán san iomaíocht le haghaidh deontas (féach Fíor 2).

---


<sup>7</sup> [Tionscadail mhórscála \(europa.eu\)](#) agus [Tionscadail mhionscála \(europa.eu\)](#) faoi Sheimineáir Ghréasáin

<sup>8</sup> [policy\\_innovation-fund\\_best\\_practice\\_en\\_0.pdf \(europa.eu\)](#)

<sup>9</sup> Ceadáítear le Rialachán Tarmlichte glaonna ar thograí mórscála a dhéanamh i gcéim amháin nó in dhá chéim, agus réachtáiltear glaonna mionscála i gcéim amháin. Rinneadh an chéad ghla mórscála in dhá chéim.

<sup>10</sup> 232 iarratas tosaigh ar tugadh neamhaird ar 2 cheann díobh roimh an meastóireacht.

## Fíor 2: Líon na dtograí incháilithe agus inghlactha de réir an ghlaio



Roghnaíodh tionscadaíil bunaithe ar chúig chritéar dámhachtana a sainíodh sa Rialachán Tarmlichte agus i dtéacsanna na nglaoanna (i gcás tionscadaíil mhionsála, rinneadh na critéir dhámhachtana a shimpliú):

1. Méid na nuálaíochta;
2. Éifeachtacht sheachaint na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa;
3. Aibíocht an tionscadaíil;
4. Inscálaitheacht; agus
5. Éifeachtúlacht costais.


Ar an iomlán, bhain scor níos airde leis na tionscadaíil sa chéad ghlaio ar thograí mórsála ná mar a bhain leis na tograí mionsála maidir leis na critéir dhámhachtana, agus iomaíocht níos láidre idir tionscadaíil (féach Fíor 3). Sa ghlaio mórsála, ar bhain dhá bhabhta meastóireachta leis, tugadh cuireadh don 70 togra incháilithe is fearr rangú ón gcéad chéim chuig an dara céim. As an 70 ceann a dtugadh cuireadh dóibh, cuireadh 66 thogra isteach. Ar deireadh, tugadh cuireadh do sheacht dtionscadal le haghaidh ullmhú deontais, agus níorbh fhéidir 41 thionscadal ardscoreála (i.e., d'éirigh leo an tairseach íosta maidir leis na critéir dhámhachtana go léir a bhaint amach) a mhaoiniú toisc nach raibh buiséad leordhóthanach acu sa ghlaio ar thograí mórsála.

Sa chéad ghlaio ar thograí mionsála, as an 175 thogra a ndearnadh meastóireacht orthu, níor chomhlíonadh 137 ceann dóibh na tairseacha dámhachtana uile. Ní raibh ach 6 thogra os cionn na dtairseach uile ach ní fhéadfaí iad a mhaoiniú mar gheall ar bhuiséad neamhleor agus tugadh cuireadh do 32 tionscadal le haghaidh ullmhú deontais. Ar deireadh, dámhadh deontais ar 30 tionscadal agus tharraing dhá thionscadal siar.

Léirítear sa mheastóireacht ar na critéir dhámhachtana go raibh difríochtaí suntasacha i ndáileadh an scóir airmheánaigh idir an dá ghlaio. Sa lú LSC scóráil níos mó tograí os cionn

na dtairseach uile agus mar sin bhí an iomaíocht i gcomhair an mhaoinithe níos láidre (41 os cionn na tairisí agus dámhadh seacht gcinn dóibh), agus sa chéad ghlaio ar thograí mionscála níor scóráil ach 38 togra os cionn na dtairseach agus dámhadh 32 ceann. Scóráil na tograí a dámhadh sa ghlaio ar thograí mionscála níos airde ná na tograí a dámhadh sa ghlaio ar thograí mórscála, áfach.

### Fíor 3: Leibhéal iomaíochta idir tionscadail ar an gcéad ghlaio ar thograí mórscála agus ar tograí mionscála - rangú deiridh



Tá an Coimisiún ag leanúint lena chuid iarrachtaí cuidiú le cuideachtaí a mbeidh iarratas á gcur isteach acu ar an gCiste le seimineáir gréasáin iomadúla do gach ghlaio, treoirdhoiciméid agus tuarascálacha dea- chleachtais, chomh maith le huirlisí nuálacha, amhail an ceistneoir féinseiceála a forbraíodh don dara ghlaio ar thograí mionscála.

Tuaradh leis an líon an-ard iarratas ar ghlaonna agus leis an ró-shuibscríobh suntasach ar an mbuiséad go mbeadh iomaíocht láidir ann i gcomhair maoiniú agus mar sin níor dámhadh deontais ach ar líon beag tionscadal, agus níor bhfuarthas tacaíocht i gcomhair a lán tionscadal a chomhlíon na tairseacha uile, go háirithe sa ghlaio ar thograí mórscála. Léirítear leis sin go bhfuil leas tromchúiseach ag cuideachtaí sa Chiste agus dá bhrí sin rinne an Coimisiún méid an dara ghlaio ar thograí mórscála a mhéadú 50 % agus tá sé á dhéanamh níos éascú freisin do thionscadail ón gcéad bhabhta glaonna iarratas a dhéanamh arís tríd an Rialachán Tarmligthe a leasú chun iarratas aonchéime a éascú.

### 2.3. Deontais a iarradh i gcomparáid leis an mbuiséad atá ar fáil

Maidir leis na tionscadail a chuir isteach ar an dá ghlaio, ach go háirithe an ghlaio ar thograí mórscála, iarradh cistiú i bhfad níos airde ná na méideanna a bhí ar fáil faoi na ghlaonna faoi

seach. Dá bhrí sin, d'uasmhéadaigh an Coimisiún buiséid na nglanna trí úsáid a bhaint as an tsolúbthacht 20 % i gcomhréir leis an gCinneadh maidir le Maoiniú. Maidir leis na tionscadail a chuir isteach ar an gcéad ghlaó ar thograí mórsála, iarradh EUR 21.7 billiún san iomlán, rud a ró-shuibscríobh go suntasach an buiséad EUR 1 bhilliún a bhí ar fáil. Maidir leis an gcéad ghlaó ar thograí mionsála, ní raibh an ró-shuibscríobh chomh suntasach: ba é EUR 12.1 billiún an buiséad a iarradh, 10 n-oiread an bhuiséid a bhí ar fáil. Chun aghaidh a thabhairt ar an ró-shuibscríobh, d'uasmhéadaigh an Coimisiún buiséid na nglanna trí úsáid a bhaint as an tsolúbthacht 20 % i gcomhréir leis an gCinneadh maidir le Maoiniú, agus dhámh sé deontais dar luach EUR 1 145 586 747 sa chéad ghlaó ar thograí mórsála agus dar luach EUR 109 163 733 sa chéad ghlaó ar thograí mionsála.

## **2.4. Ranníocaíocht thionscadail an Chiste don Nuálaíocht le haeráidneodracht an Aontais**

### **2.4.1. Lagduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa**


Tacaíonn chéad dá ghlaó an Chiste don Nuálaíocht le tionscadail a bhfuil acmhainn shuntasach leo maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus cur le haeráidneodracht an Aontais.

Léirítear leis na tionscadail ar dámhadh deontais ina leith sa chéad bhabhta de ghlaonna an Chiste don Nuálaíochta laghdú 77.4 Mt CO<sub>2</sub>eq thar a gcéad 10 mbliana i mbun feidhme. Táthar ag súil leis na chéad torthaí maidir le laghdú astaíochtaí ó 2023 le teacht i mbun feidhme na dtionscadal a dámhadh ar dtús.



#### Fíor 4: Na fíor-astaíochtaí GCT a bhfuiltear ag súil go seachnófar iad thar 10 mbliana d'obriú na dtionscadal a dámhadh

##### Seachaint absalóideach GCT atá beartaithe



#### 2.4.2. Tionscadail thar a bheith nuálach lena mbaineann acmhainn shuntasach inscálaitheachta

Tacaíonn chéad dá ghlaio an Chiste don Nuálaíocht le tionscadail thar a bheith nuálach lena n-éascófar an t-aistriú chuig aeráidneodracht na n-éiceachóras tionsclaíoch ar fad. Ní foláir nó go soláthrófaí níos mó ná nuálaíocht de réir a chéile leis na tionscadail i gcomparáid leis an úrscothacht san Aontas Eorpach le go mbreithneofar iad i gcomhair maoiniú, agus meastar iad go minic mar nuálaíochtaí an-láidir nó nuálaíochtaí ceanródaíocha. Tá acmhainn shuntasach inscálaitheachta ag baint leis na tionscadail dá ndámhadh deontas, rud a léiríonn an deis tuilleadh laghdúithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a spreagadh tríd an teicneolaíocht nó a cur i bhfeidhm a aistriú go suíomhanna agus earnálacha eile, agus lena mbaineann comhar gníomhaithe éagsúla sa gheilleagar réigiúnach agus sa gheilleagar Eorpach.

#### Chéad ghlaio ar thionscadail mhórscála

Léiríodh leis na tionscadail a ndearnadh meastóireacht orthu ag an gcéad chéim den chéad ghlaio ar thograí mórscála go bhfuil réimse leathan conairí teicneolaíochta agus réitigh

nuálacha teicneolaíochta glaine ann<sup>11</sup>. Coinníodh an éagsúlacht sin sa dara céim den ghlaio, agus na seacht dtionscadal dá ndámhadh deontas.

Faoin gcéad ghlaio ar thograí mórsála, tugadh aghaidh sna seacht<sup>12</sup> dtionscadal roghnaithe ar dhúshláin in earnálacha éagsúla: cruach, ceimiceáin (amóinia, meatánól, ocsaíd eitéiléine), hidrigin (glas agus gorm), táirgeadh ceall PV, stroighin, coincreít CCU, leictreachas, téamh agus fuarú. Déanfar aistriú suntasach leis na tionscadail dá ndámhadh deontas agus spreagfar dícharbónú leo ina n-earnálacha, sna Ballstáit agus sna réigiúin.

Tá na teicneolaíochtaí atá curtha i bhfeidhm ina dteicneolaíochtaí ceannródaíochta agus céaduaire ar an scála atá beartaithe a mbaineann acmhainn inscálaitheachta leathan leo ar fud earnálacha agus an gheilleagair:

- Gléasra cruach laghdaithe dhírigh 1,2Mt/y (25 % de tháirgeadh cruach sa tSualainn) bunaithe ar hidrigin in-athnuaite i dTaispeántas HYBRIT.
- Leictrealóir 500MW i dTaispeántas HYBRIT, leictrealóir 50MW in SHARC
- 3 mhonarcha GW de chealla fótvoltacha déghnúiseacha heitreachumair (B-HJT) arna ndéanamh in TANGO
- Gabháil CO<sub>2</sub> i stroighin (K6), athfhoirmiú meatáin gaile, táirgeadh amóinia agus ocsaíde eitéiléine (Kairos@C), ullmhúchán do CCU le haghaidh scaglann in SHARC
- Long chéaduaire le haghaidh iompar CO<sub>2</sub> in Kairos@C
- 4 tionscadal a sholáthraíonn CO<sub>2</sub> le haghaidh stóráil gheolaíochta in áiteanna éagsúla sa Mhuir Thuaidh (Kairos@C, BECCS @ STHLM, SHARC, K6)
- Dramhaíl sholadach chathrach a thiontú go meatánól seachas aisghabháil fuinnimh trí loscadh in ECOPLANTA
- Glanbhaint carbóin in BECCS @ STHLM

Is iad príomhshuíomhanna na dtionscadal an Bheilg, an Iodáil, an tSualainn (2), an Fhrainc, an Spáinn agus an Fhionlainn, ach trí iompar agus stóráil CO<sub>2</sub> beidh an Ísiltír agus an Iorua ina gcomhpháirtithe riachtanacha.

Léirítear leis an bpíblíne láidir tionscadal atá gar do 300 iarratas don chéad ghlaio ar thograí mórsála réimse an-leathan conairí teicneolaíochta, rud a d'fhéadfadh aistriú glas na n-earnálacha éagsúla a bheith mar thoradh air.

Laistigh den chatagóir tionscail dianfhuinnimh, sainaitníodh trí phríomhchonair teicneolaíochta: i) hidrigin, ii) úsáid agus/nó stóráil gabhála carbóin agus iii) réitigh bhithbhunaithe, agus ag an am céanna tá níos mó ná ceann amháin de na príomhchonairí sin á n-úsáid i roinnt tionscadal agus comhcheanglaítear iad le réitigh theicniúla eile. Conairí coitianta eile is ea athchúrsáil (e.g. dramh-mhíotal, plaistigh), pireaí, gású agus leictreáil. I líon suntasach tograí (7 %) laistigh den chatagóir tionscail dianfhuinnimh rinneadh dáileadh agus úsáid hidrigin a chomhtháthú i modhanna iompair éagsúla (e.g. feithiclí tromshaothair, busanna, feithiclí ceall breosla agus hidrigin, longa). Breithnítear i thart ar an gcúigiú cuid

---

<sup>11</sup> [Staidreamh maidir leis na tograí a fuarthas do chéad ghlaio mórsála an Chiste don Nuálaíocht i mí Dheireadh Fómhair 2020.docx \(europa.eu\)](#)

<sup>12</sup> [policy\\_funding\\_innovation-fund\\_large-scale\\_successful\\_projects\\_en.pdf \(europa.eu\)](#)

de líon iomlán na dtograí bunábhair bhithmhaise éagsúla, dramhaíl agus iarmhair den chuid is mó.


Laistigh den chatagóir CCUS, díritear i bhformhór na dtograí ar chuid amháin de shlabhra luacha CCUS agus gabhtar an CO<sub>2</sub> ó fhoinsí éagsúla (bithscaglanna, táirgeadh miotal feiriúil agus neamhfheiriúil, stroighin agus aol, scaglanna, ceimiceáin, gléasraí teasa agus cumhachta bith-theirmí agus geoteirmí, Dramhaíl go Fuinneamh nó aer comhthimpeallach), agus tá sé mar aidhm leo táirgí éagsúla a tháirgeadh (leictreachas agus teas, hidrigin, meatánól, breoslaí eitlíochta, meatán, ábhair thógála, ceimiceáin eile agus breoslaí eile).

Laistigh de chatagóir na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite, is féidir teacht ar gach príomhchineál teicneolaíochta: gaoth ar talamh agus amach ón gcósta, dúshraitheanna ar snámh agus ar talamh, grianchumhacht chomhchruinnithe, fótavoltachas (PV), saoráidí táirgthe do chealla agus do mhodúil PV, fuinnimh taoide, tonnta, grádáin salandachta agus fuinneamh hidrileictreach, fuinneamh geoteirmeach domhain. In go leo de na tograí fuinnimh in-athnuaite cuirtear teicneolaíochtaí éagsúla fuinnimh in-athnuaite le chéile, amhail meascáin de CSP agus PV, CSP agus bithmhais, gaoth agus PV. Is minic a chuirtear foinsí fuinnimh in-athnuaite inathraithe le chéile le ceallraí nó le stóráil theirmeach nó le táirgeadh hidrigine.

Laistigh de chatagóir na stórála fuinnimh, tá sé mar aidhm le go leor tograí teacht ar réitigh maidir le stóráil leictreachais ionlae, agus cuimsítear i dtograí eile cineálacha eile stórála amhail ceallraí, stóráil aeir combhrúite nó leachtaigh, stóráil theirmeach, hidrigine agus hidrea-stóráil. Clúdaítear i roinnt tograí bearta ar thaobh an éilimh trí eangacha cliste nó réitigh fhíorúla gléasraí cumhachta a chur i bhfeidhm, agus baineann roinnt eile díobh le saoráidí táirgthe le haghaidh ceallraí.

**Fíor 5: Conairí teicneolaíochta an chéad ghlaio ar thograí mórsála: iarratais, cuireadh chuig an dara céim agus tionscadail dá ndámhadh deontas <sup>13</sup>**

**Conairí teicneolaíochta, tionscadail mórsála a dámhadh**



**Chéad ghlaio ar thionscadail mhionscála**

Faoin gcéad ghlaio ar thograí mionscála, dámhadh deontais i gcomhair 30 tionscadal<sup>14</sup> agus tá príomhthréithe roinnt de na tionscadail léirithe thíos:

- Eolas maidir le teicneolaíochtaí céaduaire in earnálacha nua: e.g. an chéad cheallra teirmeach soghluaiste a fhorbairt trí 6 GWh in aghaidh na bliana de dhramhtheas tionsclaíoch a aisghabháil chun fuinneamh a sholáthar i gcás nach bhfuil bonneagair téimh nó fhuaraithe ceantair ar bith ann (tionscadal WH) nó ceann de na chéad eagar um Fhuinneamh Gaoithe Aeriompartha ar domhan a thógáil agus a oibriú lena mbeidh an cumas 1.2MW de chumhacht in-athnuaite a tháirgeadh (tionscadal NAWEP);
- Teicneolaíochtaí céaduaire a chur i bhfeidhm ar phróisis thionsclaíocha atá ann cheana: e.g. ola ardchaighdeán a athghiniúint ó ola úsáidte, agus ar an tslí sin cuidiú leis an ngá le hola ógh iontaise (SKFOAAS) nó teicneolaíocht cheannródaíoch a tháirgeadh chun aisghabháil bith-mheatáin a threisiú agus feabhas a chur ar a cáilíocht chun go mbeidh sé comhlíontach ó thaobh na heagnaí de, ag baint úsáid as gás líonta talún atá ann cheana (W4W);
- Eolas faoi mheascán nua de theicneolaíochtaí atá ann cheana: e.g. comhiomláin ísealcharbóin a tháirgeadh, trí ghníomhaíochtaí ó scaglann, ó chuideachta chóireála dramhaíola agus ó tháirgeoir ábhar tógála (AGGREGACO2) a chur le chéile nó calafort a athrú go dtí an chéad chalafort Eorpach a bheidh ábalta oibriú gan a bheith ceangailte don eangach, bunaithe ar phobal fuinnimh féinbhainistithe ag úsáid 6 300 MWh d’fhuinneamh in-athnuaite in aghaidh na bliana (GREENMOTRIL) nó

<sup>13</sup> [policy\\_innovation-fund\\_lsc\\_statistics\\_en\\_0.pdf \(europa.eu\)](#)

<sup>14</sup> [Tionscadail mhionscála \(europa.eu\)](#)


teicneolaíochtaí ó fhuinneamh gaoithe aeriompartha, fótavoltachas gréine agus stóráil ceallraí sreafa ocsdí a chomhcheangal, rud a sholáthróidh 73 % den ídiú fuinnimh bonnualaigh a theastaíonn ag stóráil gáis (AQUILON);

- Teicneolaíochtaí atá ann cheana a athrú: e.g. réiteach iarfheistithe nuálach a thabhairt isteach chun breosla bithmhaise a chur in ionad breoslaí iontaise in áith aoil muilinn laíon (LK2BM).

Léiríodh leis na tionscadail a bhfuil iarratas á dhéanamh ina leith don chéad ghlaó ar thograí mionscála réimse leathan conairí teicneolaíochta in earnálacha níos lú agus réitigh nuálacha in earnálacha agus margáí nua. Féadfar conairí teicneolaíochta an 30 tionscadal lenar síníodh comhaontú deontais a athghrúpáil i seacht gconair theicneolaíochta níos mó, agus stóráil fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite agus hidrigin á gcuimsiú i bhformhór na dtionscadal.

### Fíor 6: An chéad ghlaó ar thograí mionscála (tionscadail dá ndámhadh deontas)

#### Conairí teicneolaíochta, tionscadail mhionscála a dámhadh



#### 2.4.3. Tionscadail aibí


Baineann chéad dá ghlaó an Chiste don Nuálaíocht le tacú le tionscadail ard-aibíochta airgeadais agus ghnó.

Agus é mar aidhm leis an gCiste don Nuálaíocht tacú le réitigh na teicneolaíochta glaine is féidir a úsáid go tapa, ní mór go mbainfear dúnadh airgeadais<sup>15</sup> maidir leis na tionscadail amach laistigh de cheithre bliana ar a mhéad ó shíniú an deontais, i.e. in 2025-2026 ar a dhéanaí don chéad dá ghlaó. Léirítear sa ghráf thíos, as an 37 dtionscadal dá ndámhadh deontas, go bhfuil 20 (54 %) ag súil le dúnadh airgeadais a bhaint amach laistigh de bhliain amháin, 13 (35 %) laistigh de 2 bhliain agus 4 (11 %) laistigh de 3 bliana. Tá sé beartaithe le

<sup>15</sup> Faoi chuimsiú an Chiste don Nuálaíocht, sainmhínítear dúnadh airgeadais mar: an nóiméad i dtimthriall forbartha an tionscadail inar síníodh na comhaontuithe tionscadail agus maoinithe agus gur comhlíonadh na coinníollacha riachtanacha go léir iontu.

tionscadail mhionscála dúnadh airgeadais a bhaint amach go measartha gasta, rud a chomhghaolaíonn lena gcostais níos lú agus a lena mbaineann struchtúr airgeadais níos simplí de ghnáth.

**Fíor 7: Líon na dtionscadal a bhfuil sé beartaithe maidir leo dúnadh airgeadais a bhaint amach in aghaidh na ráithe<sup>16</sup>**



Lena chois sin, tá sé beartaithe gach tionscadal dá ndámhadh deontas i gcéad ghlaó an Chiste don Nuálaíocht le dul i mbun feidhme faoi 2026, rud a léiríonn ardleibhéal aibíochta oibriúcháin. Tá sé beartaithe an chuid is mó de na tionscadail, 29 as 37, a chur i mbun feidhme faoi R1 2025. Chinnteodh sé sin laghduithe ar astaíochtaí roimh dheireadh na ndeich mbliana seo.

**2.4.4. Cúnamh forbartha tionscadail do thionscadail nach bhfuil chomh aibí**

Tá saoráid speisialta leis an gCiste don Nuálaíocht – Cúnamh Forbartha Tionscadail<sup>17</sup> – chun feabhas a chur ar aibíocht na dtionscadal trí thacaíocht chomhairleach airgeadais agus theicniúil ardchaighdeán a chuireann an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) ar fáil, agus a chuirtear in oiriúint do riachtanais na dtionscadal. Tá sé mar aidhm leis an gcúnamh forbartha tionscadail dul chun tairbhe go háirithe do thionscadail mhionscála agus do thionscadail i mBallstáit ar ísealioncam chun cuidiú le dáileadh cothrom geografach um thacaíocht ón gCiste don Nuálaíochta a bhaint amach. Tá an cúnamh forbartha tionscadail ar fáil do thionscadail mhórscála agus do thionscadail ar mhionscála araon, agus is féidir leis cuidiú

<sup>16</sup> Sonraí bunaithe ar an bhfoirm iarratais agus oiriúnaithe de réir mar is gá, bunaithe ar an bhfaisnéis is déanaí ó chomhordaitheoirí tionscadail.

<sup>17</sup> [https://ec.europa.eu/clima/eu-action/funding-climate-action/innovation-fund/project-development-assistance\\_ga](https://ec.europa.eu/clima/eu-action/funding-climate-action/innovation-fund/project-development-assistance_ga)

lena seansanna dúnadh airgeadais a bhaint amach agus dul i mbun feidhme. Síníodh Comhaontú Ranníocaíochta maidir le cúnamh forbartha tionscadail a sholáthar leis an mBanc Eorpach Infheistíochta i mí Aibreáin 2021 agus tá sé á chur chun feidhme cheana féin.

Faoi gach glao, tá cúnamh forbartha tionscadail á thairiscint le haghaidh suas le 20 togra a diúltaíodh le haghaidh deontais: faoin gcéad ghlaao ar thograí mórskála, tugadh cuireadh do 15 thogra rochtain<sup>18</sup> a fháil ar chúnamh forbartha tionscadail dar luach EUR 4.4 milliún, agus faoin gcéad ghlaao ar thograí mionskála, deonaíodh cúnamh forbartha tionscadail dar luach EUR 1.7 milliún do 10 dtionscadal.

Clúdaíonn tionscadail dá ndeonaítear cúnamh forbartha tionscadail réimse an-mhór conairí teicneolaíochta freisin: idir hidrigin ghlas agus bhreoslaí eitlíochta sintéiseacha i dtionscail dianfhuinnimh agus stóráil fuinnimh. Táthar ag súil leis go ndéanfaidh na tionscadail sin iarratas arís ar ghlaonna amach anseo an Chiste don Nuálaíochta, rud a chuirfidh leis an bpíblíne leanúnach de thionscadail den scoth a mhaoineofar. I gcomhthéacs suíomh geografach, is cuidiú é an cúnamh forbartha tionscadail le réimse maith tionscadal atá tacaíthe ag an gCiste don Nuálaíocht a shroicheadh i measc na mBallstát freisin.

Beidh sé mar aidhm le glaonna amach anseo leas níos mó a bhaint as acmhainn an chúnaimh forbartha tionscadail chun tacú le tionscadail i dtíortha faoi ghannionadaíocht agus iarratasóirí níos lú.


#### **2.4.5. Cothromaíocht gheografach agus earnála**

Tá sé mar aidhm leis an gCiste don Nuálaíocht cothromaíocht gheografach agus earnála a bhaint amach ina shaolré go dtí 2030. Mar a léirítear thíos, maidir leis an dá ghlaao a tugadh chun críche fuarthas iarratais ó bheagnach gach Ballstát, déantar tionscadail a fhorbairt i mórán Ballstát, cé go bhfuil ionadaíocht níos ísle acu in Oirthear na hEorpa. Tá go leor tionscadail trasearnála agus trasteorann ann a bhfuil acmhainn shuntasach leo réigiúin agus earnálacha iomlána a dhícharbónú, thar theorainneacha náisiúnta agus earnála.

---

<sup>18</sup> Shínigh 14 thogra mórskála comhaontú tacaíochta um chúnamh forbartha tionscadail le BEI, toisc gur tharraing tionscadal amháin siar as an bpróiseas.

## Fíor 8: An chéad ghlao ar thionscadail mhórsála: tograí de réir tíre



\* 15 ar dtús, ar tharraing 1 tionscadal amach as PDA

Tabhair faoi deara: Tá roinnt tograí lonnaithe i níos mó ná aon tír amháin. Tá na torthaí bunaithe ar thiortha le haghaidh cur chun feidhme arna roghnú ag iarrthóirí i bhFoirm C, arna hoiroinú de réir mar is gá.


Agus an Ciste á chur chun feidhme aige, féachfaidh an Coimisiún leis an gcothromaíocht gheografach a leathnú tuilleadh trí bhealaí sonracha. Ar an gcéad dul síos, d'fhéadfadh sé go n-oirfeadh na glaonna rialta ar thionscadail mhionscála a chosnaíonn níos lú ná EUR 7.5 milliún níos fearr do chuideachtaí ó Bhallstáit níos lú ar mian leo infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht ghlan ar scála níos lú. Ar an dara dul síos, is féidir leis an gcúnamh forbartha tionscadail a chuireann an Banc Eorpach Infheistíochta ar fáil do thionscadail mhóra agus bheaga cuidiú le cuideachtaí iarratais níos fearr a ullmhú agus a seans deontas a fháil ón gCiste don Nuálaíocht a mhéadú. Ar an tríú dul síos, bhunaigh an Coimisiún líonra pointí teagmhála náisiúnta faoin gCiste don Nuálaíocht i ngach Ballstát an Aontais, san Íoslainn agus san Iorua<sup>19</sup> ar féidir leis eolas a chur ar fáil d'iarratasóirí ionchasacha faoin gCiste agus faoina idirghníomhaíocht le hionstraimí maoinithe náisiúnta agus cláir eile de chuid an Aontais atá ar fáil i ngach Ballstát.

Tacaíodh le tionscadail ó bheagnach gach earnáil tríd an gcéad dá ghlao. Léirítear leis na conairí teicneolaíochta maidir le hiarratas a dhéanamh i gcomhair tionscadail agus tionscadail dá ndámhadh deontas mar atá léirithe i Roinn 2.4.2 éagsúlacht na pblíne tionscadal agus léirítear gur féidir leis an gCiste don Nuálaíochta freastal ar gach earnáil atá incháilithe faoi láthair agus a d'fhéadfadh a bheith incháilithe sa todhchaí. Mar shampla, thacaigh an Ciste don Nuálaíocht cheana féin le tionscadail a bhaineann le hiompar ar uisce agus ar bhóithre agus go dtí 2030 is féidir leis tacú le haistriú glas gheilleagar iomlán an Aontais, trí réitigh na teicneolaíochta glaine ó ghiniúint fuinnimh, tionscail dianfhuinnimh, iompar, foirgnimh agus talmhaíocht a mhaoiniú. Léirítear san fhíor thíos tionchar an Chiste don Nuálaíocht de réir na hearnála go dtí seo.

<sup>19</sup> [Pointí Teagmhála Náisiúnta \(europa.eu\)](http://Pointí Teagmhála Náisiúnta (europa.eu))



## Fíor 9: Tionchar an Chiste don Nuálaíocht de réir na hearnála



### 2.4.6. Tacaíocht airgeadais atá curtha in oiriúint do riachtanais na dtionscadal

Tá tacaíocht an Chiste don Nuálaíocht curtha in oiriúint do riachtanais an mhargaidh agus do phróifílí riosca na dtionscadal lena dtacaítear. Cuidíonn sé sin le hacmhainní breise poiblí agus príobháideacha a mhealladh.

Tá an buiséad tosaigh (EUR 1 100 000 000) do chéad dá ghlaó an Chiste don Nuálaíocht leithdháilte go hiomlán agus úsáideadh 20 % den tsolúbthacht buiséid a cheadaítear faoin gCinneadh maidir le Maoiniú<sup>20</sup> freisin chun aghaidh a thabhairt ar an ró-shuibscríobh buiséid.


Baintear úsáid as iomlán an chaiteachais chaipitil ionchais (CAPEX iomlán), arna ríomh agus arna chur in iúl ag iarratasóirí ina n-iarratais, mar sheachbheart do líon iomlán na n-infheistíochtaí measta arna slógadh ag deontais an Chiste.

Is é EUR 4 783 136 117 (91 % de faoin nglao ar thograí mórscála, agus 9 % faoin nglao ar thograí mionscála) iomlán measta CAPEX na dtionscadal uile dá ndámhadh deontas in 2020. Léirítear i bhFíor 12 go ndéanfaidh deontais ón gCiste don Nuálaíocht infheistíochtaí a mhéadú 4 huairé níos mó ná a méid.

<sup>20</sup> [https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/docs/2021-2027/innovfund/wp-call/wp\\_innovfund-2020\\_en.pdf](https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/docs/2021-2027/innovfund/wp-call/wp_innovfund-2020_en.pdf)

**Fíor 10: Iomlán na ndeontas a dámhadh i gcomparáid le CAPEX faoi chéad ghlaonna an Chiste don Nuálaíocht**


**CAPEX Iomlán i gcomparáid le Méideanna deontais a dámhadh**



Sáraíonn iomlán ionchais CAPEX na dtionscadal dá ndámhadh deontais an Chiste Nuálaíochta a dámhadh go mór. Léirítear leis sin an gá atá le hinfheistíochtaí breise príobháideacha agus poiblí sna réitigh teicneolaíochta glaine sin, tiomantas na gcuideachtaí maoiniú a fháil dá réitigh nuálacha ghlasa agus léirítear leis an éifeacht treisithe dhearfach a bhíonn ag deontais ón gCiste don Nuálaíocht.

**Fíor 11: An chéad ghlae ar thionscadail mhórscála: samplaí de mhaoiniú**

**Glae 2020 ar thionscadail mhórscála: samplaí de mhaoiniú**



## 2.5. Cur le cuspoirí beartais eile an Aontais

### 2.5.1. Geilleagar ciorclach, Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Fuinneamh In-athnuaite

Soláthrófar buntáistí eile leis na tionscadail dá ndámhadh deontas don gheilleagar Eorpach faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, agus tacóidh siad le straitéisí an Aontais a bhaineann le hidrigin, le comhtháthú earnála agus leis an ngeilleagar ciorclach. Mar shampla, déanfar an méid seo a leanas leis na tionscadail dá ndámhadh deontas:

- Réitigh dhomhain-dícharbónaithe a chur chun cinn do thionscail dianfhuinnimh ar nós DRI<sup>21</sup> Hidrigine san earnáil cruach nó réitigh CCUS don tionscal stroighne;
- Réitigh a sholáthar chun comhtháthú chóras na bhfoinsí in-athnuaite a éascú, amhail soláthar leictreachais in-athnuaite a thairiscint le linn buaic-éilimh trí úsáid a bhaint as ceallraí gluaisteáin dara húsáid;
- Cúpláil agus leictriú indíreach earnálacha a chur chun cinn trí tháirgeadh hidrigine glaise d'earnálacha atá deacair a leictriú;
- Tacú le cur i bhfeidhm phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus na héifeachtúlachta fuinnimh ar leibhéal éagsúla, trí, mar shampla, athchúrsáil iarmhar ábhar agus úsáid a bhaint as teas a chaillfí murach sin, agus comhoibriú tionscal éagsúil; Tacú le breoslaí iontaise a athsholáthar agus leas a bhaint as acmhainn bhreise nuálach fuinnimh in-athnuaite, amhail fuinneamh gaoithe, fuinneamh na gréine, agus cumhacht gheoiteirmeach.

### 2.5.2. Iarmhíreanna dearfacha d'earnálacha eile

Cé go bhfuil sé mar aidhm leis an gCiste don Nuálaíocht tacú le dícharbónú earnáil an fhuinnimh agus earnáil an tionscail, trí iompróirí fuinnimh in-athnuaite a tháirgeadh agus a úsáid, lena n-áirítear hidrigin agus breoslaí sintéiseacha, bhí an Ciste don Nuálaíochta ábalta tacú le réimse leathan tionscadal a raibh feidhm acu in earnálacha nach gcumhdaítear faoi láthair faoin CTA amhail iompar agus talmhaíocht mhuirí, bóithre agus iarnróid:

- Tacú le hearnálacha agus/nó margaí nua a fhorbairt: e.g. hidrigin a tháirgeadh le haghaidh iompair astaíochtaí nialasacha (H2 VALCAMONICA agus ZE PAK glas H2) nó plaistigh iontaise a athsholáthar (Táirgeadh TLP);
- An t-iompar muirí a dhícharbónú trí ghás nádúrtha bithleachtaithe ísealcharbóin (bith-GNL) a tháirgeadh lena chur in ionad gnáthbhreosla muirí (FirstBio2Shipping). Tacaítear le trí thionscadal ábhartha eile trí chúnaimh forbartha tionscadail: brúshoitheach a chomhcheanglaíonn ceallra agus cill bhreosla in iompar lasta (HyPush); le long mhór chúrsála seoil ina mbeidh teicneolaíocht nuálach tiomána gaoithe (WAVE) agus soitheach astaíochtaí nialasacha faoi thiomáint córas mórsála ceall breosla ní úsáidfear ach hidrigin ghlas ó fhoinsí in-athnuaite (hidrigin EU-PRPAX);
- Tairbhe a sholáthar don talmhaíocht le córais chomhtháite fhótavoltacha uiscithe mhórchumhachta (PVI) nach dteastaíonn ceallraí cúltaca uathu agus lena ndéantar

---

<sup>21</sup> Iarann Laghdaithe Dhíreach Hidrigine

laghdú mór ar na rioscaí a bhaineann le sláine an bhonneagair dáileacháin uisce (CO2-FrAMed);

- Cur le hastaíochtaí a laghdú i mbonneagar iompair: le calafort (GREENMOTRIL) agus aerfort (PIONEER) déanfar a n-úsáid as fuinneamh in-athnuaite a uasmhéadú.

### 2.5.3. Tairbhí sóisialta agus eacnamaíocha

Beidh tairbhí sóisialta agus eacnamaíocha ag baint leis na tionscail dá ndámhadh deontas freisin, amhail fás feabhsaithe na n-earnálacha nua (e.g. hidrigin ghlas a tháirgeadh), cruthú post ardchaighdeán san aistriú glas, tacaíocht do gheilleagair áitiúla agus comhar idir tionscail éagsúla chun nuálaíocht agus inbhuanaitheacht a chothú. Ina theannta sin, beidh buntáistí eacnamaíocha sonracha mar thoradh orthu, mar shampla trí phraghsanna na dteicneolaíochtaí agus na dtáirgí nua a laghdú agus margaí nua a chruthú. Is féidir leis an gCiste don Nuálaíocht cuidiú freisin le haghaidh a thabhairt ar na gnéithe margaidh shóisialta agus margaidh saothair a bhaineann le haistriú glas cóir.

### 2.5.4. Sineirgíochtaí le hionstraimí um maoiniú eile

Is é is aidhm leis an gCiste don Nuálaíocht sineirgí le hionstraimí tacaíochta infheistíochta eile a áirithiú, amhail InvestEU nó cláir iasachtaithe an Bhainc Eorpach Infheistíochta, agus cláir ábhartha an Aontais eile um maoiniú, amhail Fís Eorpach nó an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa.

## CLÁR INVESTEU

Ós rud é gur cuspóir bunúsach de chuid an Chiste é acmhainní poiblí agus príobháideacha breise a mhealladh, tá sé tábhachtach go mbeidh sineirgí ann le InvestEU, arb é uirlis shuaitheanta an Aontais é chun tacú le hinfeistíocht (trí iasachtaí agus trí chineálacha eile tacaíochta) a theastaíonn le haghaidh téarnaimh, fás glas, fostaíochta agus aistriú cóir. Tá carnadh maoinithe ó Chiste InvestEU agus ón gCiste don Nuálaíocht do thionscadal ar leith indéanta. Ina theannta sin, tá táirge téamach an Aistrithe Ghlais, mar a thugtar air, á chur chun feidhme ag an mBanc Eorpach Infheistíochta faoin<sup>22</sup> gClár InvestEU. Beidh táirge an Aistrithe Ghlais ar fáil do thionscail ardriosca lena mbaineann ard-bhreisluch beartais atá incháilithe faoi na deiseanna beartais um bonneagar inbhuanaithe agus taighde, nuálaíocht agus digitiú. Bainfidh an táirge tairbhe as breisiú ón gCiste don Nuálaíocht<sup>23</sup> a bhfuil sé mar aidhm leis tacú tuilleadh le tionscail domhain-dícharbónaithe in earnáil an fhuinnimh agus earnáil an tionscail.

Leis an gcomhpháirtíocht idir AE agus an Catalaíoch Fuinnimh Ceanródaíoch (BEC) beifear ábalta tionchar tháirge an Aistrithe Ghlais a mhéadú. Leis an gcomhpháirtíocht sin tugtar le

<sup>22</sup> BEI, Ábharthacht an Mhaoinithe um Thionchar Téamach i gcomhair tionscail incháilithe an Chiste don Nuálaíocht (cur i láthair 6.7.21 don 8ú Cruinniú de IFEG). Ar fáil ag:

[https://ec.europa.eu/clima/system/files/2021-07/20210706\\_ifeg\\_4\\_en.pdf](https://ec.europa.eu/clima/system/files/2021-07/20210706_ifeg_4_en.pdf)

<sup>23</sup> Cinneadh C(2021) 7404 ón gCoimisiún an 19.10.2021 maidir leis na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gCiste don Nuálaíocht, ag feidhmiú mar an gcinneadh maidir le maoiniú do 2021 agus mar chinneadh lena seoltar na dara glaonna ar thograí agus a [Iarscríbhinn](#)

chéile an Coimisiún Eorpach, an Banc Eorpach Infheistíochta agus an [Catalaíoch Fuinnimh Ceannródaíoch](#)<sup>24</sup>. Síníodh Meabhrán Tuisceana idir na páirtithe sin ag COP26 i nGlaschú. Féachann an chomhpháirtíocht le suas le EUR 820 milliún (USD 1 bn) a shlógadh le haghaidh tionscadail nuálacha san Aontas Eorpach idir 2022 agus 2027.

I mí Eanáir, d'fhoilsigh Catalaíoch Fuinnimh Ceannródaíoch na hEorpa iarratas ar thograí<sup>25</sup> do thionscadail mhórsála. Díritear sa ghlaó ar na réimsí seo a leanas: hidrigin ghlan, breoslaí eitlíochta inbhuanaithe, gabháil agus stóráil dhíreach aeir, agus stóráil fhadtréimhseach fuinnimh. Tagann maoiniú an Aontais don chomhpháirtíocht ó [Fhís Eorpach](#)<sup>26</sup> (i bhfoirm deontas atá le húsáid mar chumasc d'oibríochtaí roghnaithe) agus ón [gCiste ón Nuálaíocht \(i bhfoirm breisiú ar ráthaíocht an Aontais atá ar fáil chun iasacht BEI a dhí-rioscú\)](#), a bhainistítear faoi tháirge [GT InvestEU](#). Tagann maoiniú catalaigh (i bhfoirm deontas agus maoiniú cothromais) ó dhaonchairde agus ó chorparáidí. Cuirfidh an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Catalaíoch Fuinnimh Ceannródaíoch méideanna coibhéiseacha maoinithe ar fáil i gcomhair na dtionscadal.

### ***SAMPLAÍ DE SHINEIRGÍ A BAINÉADH AMACH LE TIONSCADAIL A DÁMHADH***

Rinneadh sineirgí éifeachtacha agus oibríochtúla le cláir eile de chuid an Aontais, go háirithe chun scaipeadh agus glacadh torthaí taighde agus nuálaíochta níos tapúla a chur chun cinn agus chun go mbeifear ábalta cuspóirí coiteanna agus limistéir choiteanna a bhaint amach le haghaidh gníomhaíochtaí a leabú i gcuspóirí chláir éagsúla de chuid an Aontais.

Léirítear cheana féin le roinnt de na tionscadail dá ndámhadh deontas faoi chéad bhabhta glaonna an Chiste don Nuálaíocht na sineirgí láidre atá idir an Ciste agus sásraí maoinithe eile an Aontais agus sásraí maoinithe náisiúnta eile:

- Tá forbairt á déanamh le sé tionscadal ar réamhobair a dtacaítear léi faoi iarchláir Fís Eorpach - Fís agus FP7 (CarBatteryReFinty, CO2-FRAMed, GtF, Silverstone, TLP agus TANGO);
- Bhain trí tionscadal tairbhe freisin as tacaíocht ionstraimí an Aontais eile ar nós NER300, an clár LIFE agus glao iompair CEF (CCGeo, FirstBio2Shipping agus líne HELEXIO); agus,

Seachas sin, tá tacaíocht airgeadais faighte ag cúig cinn as na seacht dtionscadal mórsála cheana féin nó tá sé beartaithe tacaíocht airgeadais a fháil ina leith ó údaráis náisiúnta nó réigiúnacha (Kairos-at- C, BECCS ag STHLM, K6, taispeántas HYBRIT agus SHARC). D'fhéadfadh na tacaíochtaí airgeadais sin a bheith ina Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107 CFAE. Tá inniúlacht eisiach ag an gCoimisiún a mheas an bhfuil bearta Státchabhrach ag luí

<sup>24</sup> <https://www.breakthroughenergy.org/scaling-innovation/catalyst>

<sup>25</sup> [Comhpháirtíocht idir AE agus an Catalaíoch: Seoltar Iarratas ar thograí um thionscadail cheannródaíocha teicneolaíochta glaise | An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](#)

<sup>26</sup> Sonraítear i Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach, Iarscríbhinn IV, Airteagal 15 na sineirgí idir an Ciste don Nuálaíocht agus Fís Eorpach, agus i gCinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Clár sonracha lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach, roinn 5.1 leagtar amach an gá atá le comhlántacht idir an Ciste don Nuálaíocht agus Braisle 5 den chlár Fís Eorpach.

leis an margadh inmheánach agus ní mór do na Ballstáit fógra a thabhairt faoi aon chabhair den sórt sin de bhun Airteagal 108 CFAE.

### **2.5.5. Comhroinnt eolais maidir le réitigh na teicneolaíochta glaine**

Chun laghduithe costais agus tráchtálú luathaithe teicneolaíochtaí glana ar fud na hEorpa a áirithiú, tá an Ciste don Nuálaíocht ag tacú le comhroinnt eolais i measc tionscadal agus páirtithe leasmhara maidir le réitigh na teicneolaíochta glaine.

Ceanglaítear leis an Rialachán Tarmlichte go mbeidh comhaontuithe deontais coinníollach ar chomhroinnt eolais ag an tairbhí deontais. Ní mór don tacadóir tionscadail plean um chomhroinnt eolais a chur isteach ag céim an iarratais ina gclúdófar timthriall iomlán an tionscadail. Tá na ceanglais sin maidir le comhroinnt eolais ríthábhachtach chun leas an phobail a chosaint agus meas a léiriú ar neamhnochtadh faisnéise atá íogair ó thaobh tráchtála. Éascaítear leo dul i bhfód ar mhargadh na dteicneolaíochtaí taispeánta agus laghdaítear leo na rioscaí maidir leis an aistriú chuig táirgeadh ar mhórsála agus úsáid táirgí ísealcharbóin. Ní mór tosú le comhroinnt eolais ag dámhachtain deontais chun tógáil ar an méid a baineadh amach maidir le dúshlán a comhlíonadh agus straitéisí chun iad a shárú sa chéim ríthábhachtach idir dámhachtain deontais agus dúnadh airgeadais, agus idir dúnadh airgeadais agus tús na hoibríochta. Táthar ag súil go mbeidh na chéad tuarascálacha maidir le comhroinnt eolais curtha isteach maidir leis na tionscadail a dámhadh in 2022-23. Níos déanaí, le linn na céime oibriúcháin, díreofar iarrachtaí chun eolas a chomhroinnt ar úsáid theicneolaíoch na dtionscadal.

In 2020 agus 2021, eagraíodh níos mó ná 10 n-imeacht fhíorúla chun tacú le gach cineál páirtí leasmhara tuiscint níos fearr a fháil ar fhorbairtí reatha agus ionchasacha réitigh na teicneolaíochta glaine san Aontas, amhail imeacht sonracha comhroinnte eolais do thionscadail nuálacha teicneolaíochta glaine ‘Ó NER300 go dtí an Ciste don Nuálaíocht’<sup>27</sup>, comhdhála maoinithe um theicneolaíocht ghlan<sup>28</sup>, seimineáir ghréasáin maidir leis an bpróiseas iarratais ar an gCiste agus na ceachtanna a foghlaimíodh<sup>29</sup> agus imeacht ginearálta an Chiste don Nuálaíocht le linn Sheachtain Fuinnimh Inbhuanaithe 2020. D’eagraigh an Coimisiún cruinnithe rialta de Ghrúpa Saineolaithe an Chiste don Nuálaíocht chun cur chun feidhme agus treoshúimh an Chiste amach anseo a phlé leis na Ballstáit agus le hionadaithe tionscail. Ina theannta sin, ghlac an Ard-Stiúrthóireacht CLIMA agus/nó CINEA páirt in go leo imeachtaí arna n-eagrú ag tríú páirtithe chun eolas agus feasacht ar an gCiste a mhéadú.

### **2.6. Athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 24, mír 3, de Rialachán 1031/2010**

De réir an dara fomhír d’Airteagal 24(3) de Rialachán 1031/2010 (ar a dtugtar an Rialachán maidir le Ceantáil), déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú gach dhá bhliain ar mhéid na lamháltas atá le cur ar ceant don Chiste don Nuálaíocht, agus aird ar leith á tabhairt ar *‘an tacaíocht atá ar fáil do ghlaonna ar thograí amach anseo, uasmhéid na tacaíochta ón gCiste*

<sup>27</sup> [Ó NER 300 chuig an gCiste don Nuálaíocht: comhroinnt eolais maidir le tionscadail nuálacha um theicneolaíocht ghlan \(europa.eu\)](#)

<sup>28</sup> [An Chéad chomhdháil fhíorúil um Theicneolaíocht Ghlan Nuálach a Mhaoiniú \(europa.eu\)](#)  
[Conas is féidir leis an gCiste don Nuálaíocht tionscadail nuálacha na teicneolaíochta glaine ar scála beag a chothú? \(europa.eu\)](#)  
[An Comhaontú Glas don Eoraip a sholáthar: Teicneolaíocht ghlan a mhaoiniú ón gCiste don Nuálaíocht \(europa.eu\)](#)

<sup>29</sup> [Imeachtaí agus seimineáir ghréasáin \(europa.eu\)](#)

don Nuálaíocht a bheidh ar fáil do chúnamh forbartha tionscadail, cuid de mhéid iomlán na tacaíochta ón gCiste don Nuálaíocht a bheidh ar fáil don ghlaó ar thionscadail mhionscála atá forchoimeáda ag an gCoimisiún, an tacaíocht atá réamh-mheasta do na tionscadail dá ndámhfar deontas chomh maith leis an eisíocaíocht agus an ráta téarnaimh’.

Cuimsítear an chéad athbheithniú dá leithéid sa chuid seo den tuarascáil seo.


Déantar an méid a bheidh ar fáil do gach ghlaó ar thograí, lena n-áirítear an t-uasmhéid a bheidh ar fáil do chúnamh forbartha tionscadail, a chinneadh i ngach cinneadh maidir le maoiniú agus i dtéacs gach ghlaó. Tugtar achoimre sa ghraf thíos ar an gCinneadh maidir le Maoiniú 2020<sup>30</sup>.

## Fíor 12: Cinneadh maidir le maoiniú 2020

**Cinneadh maidir le Maoiniú 2020<sup>1</sup>: EUR 1132.136 milliún + solúbthacht 20%**

Milliún EUR

FD iomlán 2020 (gan méideanna solúbthachta 20% san áireamh) = EUR 1132.136 milliún




<sup>1</sup>) Cinneadh ón gCoimisiún lena leasaítear Cinneadh C(2020) 4352 an 2 Iúil 2020 maidir le seoladh an ghlaó ar thograí le haghaidh tionscadail mhionscála in 2020

Taispeántar sa ghraf thíos méideanna iomlána na ndeontas agus an chúnamh forbartha tionscadail arna ndámhachtain faoi gach ghlaó.

<sup>30</sup> [Cinneadh ón gCoimisiún lena leasaítear Cinneadh C\(2020\) 4352 an 2 Iúil 2020 a mhéid a bhaineann le seoladh an ghlaó ar thograí le haghaidh tionscadail mhionscála in 2020](#)

### Fíor 13: Deontais agus méideanna cúnaimh forbartha tionscadail faoi gach glao

#### Cúnamh forbartha tionscadail agus deontais a dámhadh maidir leis na 1<sup>ú</sup> Ghlaonna



Déantar achoimre sa tábla thíos ar líon na lamháltas a cuireadh ar ceant don Chiste don Nuálaíocht le haghaidh 2020 agus 2021, agus na cistí a bhí ar fáil (EUR) ar chuntas an Chiste don Nuálaíocht i lár mhí na Bealtaine 2022.

	Deireadh 2020	Deireadh 2021	13/5/2022
<b>Líon na lamháltas</b>	50,000,000	40,000,000	15,582,000
<b>Sócmhainní a bhí ar fáil (EUR m Méid ainmniúil)</b>	1,335,841,072	4,146,382,569	5,434,617,254

Cuimsítear sna sócmhainní a bhí ar fáil na suimeanna a gealladh i leith na dtionscadal dá bhfuarthas deontais ón gcéad dá ghlaon. Níl aon íocaíochtaí déanta go fóill le tionscadail de chuid an Chiste don Nuálaíocht.

Ar an iomlán, le luas cheantáil lamháltais an Chiste don Nuálaíocht tugtar aghaidh ar an ngá atá le tionscadail um theicneolaíocht ghlan. I gcomhthéacs an Phlean RePowerEU, cinneadh go ndéanfaidh an Coimisiún an maoiniú a bheidh ar fáil do Ghlaon ar Thograí Mórscála an Chiste don Nuálaíocht 2022 an fómhar seo a dhúbailt go dtí thart ar EUR 3 bhilliún. Cuirfear deiseanna sonracha REPowerEU ar bun chun tacú le (1) feidhmeanna leictirthe agus hidrigine sa tionscal, (2) déantúsaíocht teicneolaíochtaí glana agus (3) treoirhionscadail mheánmhéide chun réitigh an-nuálach a bhailíochtú.

### 3. CONCLUÍDÍ AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Mealladh suim an-mhór leis an gcéad dá ghlaon den Chiste ó ghnólachtaí agus fuarthas iarratais a bhí i bhfad níos mó ná an buiséad a bhí ar fáil do gach glao, rud a chruthaigh iomaíocht láidir i measc tionscadail na teicneolaíochta glaine. Taispeántar go soiléir leis sin an phíblíne láidir éagsúil de tionscadail na teicneolaíochta glaine ar féidir leis an gCiste tacú



leo ina chéad ghlaonna eile, lena n-iarrann an buiséad a mhéadú tuilleadh. Tá an tríú glao ar thionscadail mhórsála beartaithe i gcomhair an fhómhair in 2022.

Tá ról uathúil ag na glaonna ar thionscadail mhionscála maidir le tacú le tionscadail lena mbaineann costais chaipitil níos lú (idir EUR 2.5 agus 7.5 milliún) ach lena mbaineann cumas dícharbónaithe in earnálacha nua agus i mBallstáit níos lú an Aontais Eorpaigh. Osclaíodh an dara glao ar thionscadail mhionscála ar an 31 Márta 2022 le buiséad EUR 100 milliún agus féadfar iarratais maidir le tionscadail a dhéanamh go dtí an 31 Lúnasa 2022.

Leis an gcéad dá ghlaonna cheana féin agus na tionscadail ag baint tairbhe as cúnaimh forbartha tionscadail, bhí an Ciste don Nuálaíocht ábalta tacú le tionscadail ar fud na n-earnálacha agus na dtíortha incháilithe. Tá roinnt ionstraimí leis an gCiste chun cothromaíocht gheografach agus earnála na dtionscadal dá ndámhadh deontas a spreagadh tuilleadh. Tá saoráid speisialta ann maidir le cúnaimh forbartha tionscadail a chuireann an Banc Eorpach Infheistíochta ar fáil faoi choinne tionscadail a bhfuil gealladh fúthu ach nach bhfuil aibí fós, líonra na bpointí teagmhála náisiúnta, an deasc chabhrach chun freagra a thabhairt ar cheisteanna na n-iarratasóirí do gach glao, na seimineáir ghréasáin spriocdhírthe agus laethanta faisnéise, an ceistneoir féinseiceála. Tá sé léirithe leis na hionstraimí sin go gcuidíonn siad le cuideachtaí a n-iarratais ar an gCiste a ullmhú. Déanfaidh an Coimisiún na hionstraimí sin a fhorbairt tuilleadh agus bainfidh sé tuilleadh leas astu chun cothromaíocht gheografach agus earnála an Chiste a fheabhsú.

I gcomhthéacs an rialachais, mar thoradh ar an sainmhíniú soiléir ar fhreagrachtaí (idir an Coimisiún Eorpach, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus an Comhshaol, an Banc Eorpach Infheistíochta agus na Ballstáit) agus ar an gcomhoibriú idir na heintitis sin, cuireadh an Ciste don Nuálaíocht chun feidhme go héifeachtach laistigh de na hamlínte tuartha sin. .

Aithníodh i dTeachtaireacht REPowerEU<sup>31</sup> go bhfuil an Ciste ar cheann de na príomhionstraimí chun dícharbónú tionsclaíoch a luathú, agus trí bhealach á leagan amach léi.

Ar an gcéad dul síos, féadann ioncaim mhéadaithe mar gheall ar an bpraghas níos airde carbóin glaonna níos mó a éascú. Bunaithe ar an taithí leis na chéad ghlaonna, léirítear leis an bpíblíne tionscadal gur féidir leis an margadh méadú ar an mbuiséad atá ar fáil a ionsú, agus an cur chuige á choimeád nach bhfaightear maoiniú ach i gcomhair tionscadail an-nuálach, ardtionchair agus réidh don mhargadh.

Ar an dara dul síos, is féidir leis an gCiste don Nuálaíocht a phunann ionstraimí a leathnú chun tacú le tionscadail na teicneolaíochta glaine. Mar shampla, féadfaidh sásra tairisceana iomaíoch ar fud an Aontais (e.g. Conarthaí Difríochta nó Conarthaí Difríochta Carbóin) do chiseáin shonracha teicneolaíochta a bheith ina ionstraim chumhachtach chun táirgeadh agus úsáid chost-éifeachtúil réiteach ísealcharbóin a spreagadh. Tá ionstraim den sórt sin molta cheana ag an gCoimisiún mar chuid den phacáiste ‘Oiriúnach do 55’.

---

<sup>31</sup> COM(2022)108, REPowerEU: Gníomhaíocht Chomhpháirteach Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún

Ar an tríú dul síos, agus cur chuige ón mbun aníos agus bunaithe ar shármhaitheas á choimeád, féadfar an Ciste don Nuálaíocht a dhíriú níos mó ar thosaíochtaí straitéiseacha, mar a cuireadh chun cinn i bPlean REPowerEU<sup>32</sup>.

---

<sup>32</sup> COM(2022)230, an Plean REPowerEU, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún